Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil
Ollscoil Mhá Nuad

# Teastas Eorpach na Gaeilge

## Meánleibhéal 2 (B2)

### Scrúdú cainte

### Ábhair shamplacha

# An Scrúdú Cainte: Meánleibhéal 2 (B2)

***Eolas ginearálta***

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheas le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- Déantar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Bítear ag súil le hiarrthóirí ag an leibhéal seo a bheith ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá agus déileáil le raon leathan ábhair chainte a bhfuil suim acu féin iontu agus sna hábhair a luaitear sa siollabas. Bítear ag súil leo a gcuid freagraí a fhorbairt, cúiseanna agus samplaí a thabhairt agus a gcuid tuairimí a chosaint de réir mar is gá. Chomh maith leis sin, bítear ag súil le hiarrthóirí a bheith in ann eagar ceart a chur ar a gcuid smaointe agus iad féin a chur in iúl go soiléir agus go cuí. Beidh réimse leathan straitéisí acu le déileáil le gach gné den chumarsáid.
- Is mar seo a leanas an leagan amach atá ar an scrúdú cainte i *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*.

| *Cuid* | *Am* | *Cineál taisc* | *Feidhmeanna teanga* |
|---|---|---|---|
| **1** | 5-6 nóiméad | Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir a bhaineann le topaicí ginearálta, m.sh. cúlra an iarrthóra, caitheamh aimsire, obair, ag foghlaim Gaeilge srl. Chomh maith leis sin, bíonn ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le cúrsaí reatha, m.sh. na meáin chumarsáide, cúrsaí sóisialta agus dlí, an pholaitíocht srl. Ní bhítear ag súil le haon saineolas sna hábhair chéanna. | Ag tabhairt eolais agus ag léiriú agus ag cosaint tuairimí. |
| **2** | 4-5 nóiméad | Tugtar sraith pictiúr ar thopaic áirithe don iarrthóir agus bíonn dhá nóiméad aige/aici le féachaint orthu. Roghnaíonn an t-iarrthóir dhá cheann de na pictiúir agus déanann sé/sí comparáid agus codarsnacht eatarthu. Bíonn ar iarrthóirí ceisteanna ón scrúdaitheoir a fhreagairt chomh maith. | Comparáid agus codarsnacht, ag léiriú tuairimí, ag míniú srl. |

© Ollscoil Mhá Nuad

***Marcáil***

- Is fiú 25% den scrúdú iomlán na marcanna atá ag gabháil don Scrúdú Cainte. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn an scrúdaithe iomláin agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith.

- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: Cruinneas gramadaí, Stór focal, Foghraíocht, Líofacht agus Cumarsáid. Tá dhá rud i gceist le cumas cumarsáide. (1) An féidir leis na hiarrthóirí a chruthú go bhfuil siad in ann déileáil le bun-chomhrá go réasúnta éifeachtach in ainneoin a stór focal a bheith teoranta m.sh. soiléiriú a lorg nó iarraidh ar dhuine rud a rá an dara huair, a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad srl. (2) Déantar tástáil ar inniúlacht bhunúsach shochtheangeolaíoch chomh maith. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann frásaí simplí a úsáid chun bunteagmháil shóisialta a dhéanamh, m.sh. beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt, leithscéal a ghabháil srl.

- Cuirtear oiliúint chuimsitheach ar fáil do na scrúdaitheoirí cainte ar fad agus déantar monatóireacht agus caighdeánú ar a gcuid oibre le cinntiú go mbíonn leanúnachas ann maidir le cur i bhfeidhm an chórais mharcála.

© Ollscoil Mhá Nuad

**Cuid 2 (don iarrthóir) Sampla 1**

- Féach ar na cineálacha spóirt a léirítear sna pictiúir thíos.
- Roghnaigh **<u>dhá</u>** cheann acu.
- Déan ***comparáid*** idir an dá cheann a roghnaigh tú. Cad iad ***na buntáistí*** agus ***na míbhuntáistí*** a bhaineann le gach ceann acu, dar leatsa?
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

**1. Ag rith**





**2. Marcaíocht capall**



**3. Sacar**




**4. Leadóg**



© Ollscoil Mhá Nuad

## Cuid 2 (don iarrthóir) Sampla 2

- Féach ar na slite beatha difriúla a léirítear sna pictiúir thíos.
- Roghnaigh **dhá** cheann acu.
- Déan ***comparáid*** idir an dá cheann a roghnaigh tú. Cad iad ***na buntáistí*** agus ***na míbhuntáistí*** a bhaineann le gach ceann acu, dar leatsa?
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

**1. Feirmeoir**



**2. Ealaíontóir**



**3. Múinteoir**



**4. Garda**




© *Ollscoil Mhá Nuad*

## Cuid 2C (don iarrthóir) Sampla 3

- Féach ar na pictiúir thíos a léiríonn ***rudaí a bhíonn tábhachtach do dhaoine agus iad ag dul ar laethanta saoire.***
- Roghnaigh ***dhá*** cheann acu – ***an ceann is mó tábhacht*** duitse ***agus an ceann is lú tábhacht*** duit féin.
- Déan comparáid idir an dá cheann a roghnaigh tú.
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

| | |
|---|---|
| **1. Radhairc dheasa**<br> | **2. Ceol agus cultúr**<br> |
| **3. Gan a bheith róchostasach**<br><br> | **4. Bia blasta**<br> |

© Ollscoil Mhá Nuad